Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**10141/21**

**ECOFIN 633**
**SOC 415**
**BUDGET 13**
**STATIS 28**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8743/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis na dúshláin i leith na hinbhuanaitheachta fioscaí a eascraíonn as aosú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí i bhfianaise aosú an daonra, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3803ú cruinniú dá chuid ar an 18 Meitheamh 2021.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS NA DÚSHLÁIN I LEITH NA hINBHUANAITHEACHTA FIOSCAÍ A EASCRAÍONN AS AOSÚ AN DAONRA**

Déanann an Chomhairle (ECOFIN) an méid seo a leanas:

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur dúshlán ollmhór d'inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí san fhadtéarma an t-aosú daonra, agus gur measa an dúshlán i ngeall ar an ardú suntasach ar leibhéil fiachais rialtais mar thoradh ar ghéarchéim phaindéim COVID-19. Meastar go bhfanfaidh fiachas ard go ceann tamaill, agus leibhéal ard neamhchinnteachta ann ag an bpointe seo. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go gcuirtear san áireamh sna beartais fhioscacha rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach mar aon le staid an téarnaimh. AONTAÍONN SÍ go bhfuil gá i gcónaí le cosaint ár ngeilleagair trí leas a bhaint as an leibhéal tacaíochta fioscaí is gá go dtí go mbeidh deireadh leis an ngéarchéim shláinte agus go mbeidh an téarnamh faoi lán seoil. Tá sé ríthábhachtach tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus an díobháil fhadtéarmach a mhaolú trí bhearta tráthúla, sealadacha agus spriocdhírithe chun inbhuanaitheacht fhioscach níos fadtéarmaí a bhaint amach agus ba cheart aistarraingt róluath na tacaíochta fioscaí a sheachaint. DEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá athchóirithe uaillmhianacha agus infheistíocht tháirgiúil chun tacú leis an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a chuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus na gnéithe eile den Next Generation EU ar fáil.

2. FORMHUINÍONN sí réamh-mheastacháin eacnamaíocha agus buiséadacha Thuarascáil 2021 maidir le hAosú do Bhallstáit an Aontais (2019-2070), a d'ullmhaigh an Coiste um Beartas Eacnamaíoch (an Mheitheal um Aosú) agus seirbhísí an Choimisiúin (DG ECFIN) ar bhonn modheolaíochtaí agus toimhdí a comhaontaíodh go comhchoiteann. I gcomhréir le heagráin a eisíodh roimhe seo, cumhdaítear leis na toimhdí atá i dTuarascáil 2021 maidir le hAosú an caiteachas poiblí a bhaineann le haois (pinsin, cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus oideachas).

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS príomhthorthaí Thuarascáil 2021 maidir le hAosú:

- Tuartar go dtiocfaidh méadú mór ar an gcóimheas cleithiúnais seanaoise san Aontas san fhadtéarma: cé go bhfuil triúr in aois oibre ann faoi láthair do gach duine os cionn 65 bliana d'aois, beidh níos lú ná beirt ann faoi 2070. Cuirfidh méadú leanúnach san ionchas saoil go háirithe le daonra atá 'ag dul in aois', cé go bhfanfaidh rátaí torthúlachta i bhfad faoin ráta athsholáthair nádúrtha, agus ní leor na glan-sreabha imirce atá tuartha chun an treocht laghdaithe agus an treocht aosaithe daonra a fhritháireamh.

- Mar gheall ar an meath a bhfuiltear ag súil leis ar an daonra atá in aois oibre, is í an táirgiúlacht saothair amháin a chuireann le fás ionchasach OTI san fhadtéarma. San Aontas ina iomláine, meastar go bhfanfaidh an meánráta fáis bliantúil OTI thar an tréimhse 2019-2070 cobhsaí den chuid is mó ag 1.3 % sa chás bunlíne, ag glacadh leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar fhás na táirgiúlachta iomláine (Táirgiúlacht na bhFachtóirí Uile). I gcás ina mbeadh fás táirgiúlachta níos ísle ann, 1.1 % a bheadh sa mheánráta fáis bliantúil measta de OTI an Aontais. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí suntasacha ann maidir leis an acmhainneacht fáis ar fud na mBallstát.

- Tuartar go dtiocfaidh méadú arb ionann é agus 1.9 pointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas poiblí iomlán, ar caiteachas é a bhaineann le haois, idir 2019 agus 2070 san Aontas, agus beidh sé cothrom le 25.9 % de OTI in 2070, le héagsúlachtaí móra ann ó thír go tír mar sin féin. Faoin gcás ina mbeadh táirgiúlacht níos ísle ann (i gcás fhás tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile a bheith níos ísle), thiocfadh méadú 2.4 pointe céatadáin ar OTI idir 2019 agus 2070 agus b'ionann é agus 26.4 % OTI in 2070. Sa chás sin, agus costais neamhdhéimeagrafacha agus tiomántóirí eile sa chaiteachas ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach á gcur san áireamh, bheadh méadú suas le 4.9 pointe céatadáin de OTI ann. Sa limistéar euro, tuartar go dtiocfaidh méadú 1.7 pointe céatadáin ar OTI sa chás bonnlíne ar an gcaiteachas poiblí iomlán a bhaineann le haois, faoi 2.2 pointe céatadáin den OTI sa chás ina mbeadh fás laghdaithe i dtáirgiúlacht na bhfachtóirí uile ag gabháil leis, agus suas le 4.4 pointe céatadáin de OTI sa chás ina mbeadh méaduithe níos airde (nach caiteachas é atá dírithe ar dhéimeagrafaíocht) ar chaiteachas ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach.

- Tuartar go dtiocfaidh méadú arb ionann é agus 1.1 pointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas poiblí ar phinsean don tréimhse suas go dtí 2045, agus ina dhiaidh sin, go dtitfidh sé aon phointe céatadáin go leibhéal gar dá thúsphointe faoi 2070 (11.7% de OTI san Aontas Eorpach). Bheadh, mar sin féin, caiteachas ar phinsean réamh-mheasta, níos airde i gcás toimhdí déimeagrafacha nó maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith níos díobhálaí. Mar shampla, má ghlactar leis go mbeidh táirgiúlacht níos ísle ann (i gcás fhás tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile a bheith níos ísle), meastar go dtiocfaidh méadú arb ionann é agus 1.3 pointe céatadáin de OTI go dtí 2045, le caiteachas ar phinsean suas ag 12.2% de OTI in 2070. Is fíoréagsúil óna chéile iad na Ballstáit freisin, ag brath ar mhéid agus ar uainíocht aosú an daonra, ar na hionchais fáis maidir le OTI, ar ghnéithe sonracha de chuid chórais náisiúnta na bpinsean agus, go sonrach, ar an dul chun cinn a dhéantar i dtíortha maidir le hathchóirithe struchtúracha.

- Tuartar go dtiocfaidh méadú arb ionann é agus 2 phointe céatadáin de OTI ar an gcaiteachas poiblí san Aontas ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach ar an gcás bonnlíne, a bheidh cothrom le 10.3 % de OTI in 2070 go príomha mar gheall ar fhorbairtí sa daonra. Agus na himeachtaí á gcur san áireamh a d'fhéadfadh tarlú amach anseo maidir le nithe neamhdhéimeagrafacha a chuireann le costais sa chaiteachas ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach, bheadh an caiteachas sin a bhaineann le cúram i bhfad níos airde ag 4.9 pointe céatadáin de OTI.

- I bhfianaise na héiginnteachta eisceachtúla maidir le fás OTI tar éis ghéarchéim COVID 19 rinneadh dhá chás réamh-mheasta fhorlíontacha a ríomh: glactar leis sa chéad cheann go mbeidh téarnamh lagaithe sna blianta tosaigh den tréimhse réamh-mheasta; an dara ceann, fás níos faide agus níos ísle ar OTI má tá tionchar struchtúrach ag an ngéarchéim, go háirithe ar an bhfórsa saothair.

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbeidh ar na Ballstáit gníomhartha breise beartais a dhéanamh chun saincheisteanna sonracha a bhaineann le tíortha ar leith a réiteach, má táthar chun déileáil leis na dúshláin sin sa réamh-mheastacháin airgeadais a bhaineann le haois. IARRANN SÍ ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí eacnamaíocha agus buiséadacha a bhaineann le haosú trí rátaí fostaíochta agus táirgiúlachta a ardú, trí aghaidh a thabhairt freisin ar an mbearna idir na hinscní i margadh an tsaothair, trí chórais na bpinsean, an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh a oiriúnú. IARRANN SÍ ar na Ballstáit na moltaí maidir leis an Seimeastar Eorpach a bhaineann le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a chur chun feidhme, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Saoráide Téarnamh agus Athléimneachta.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI go raibh tionchar dearfach ag athchóirithe pinsin le deich mbliana anuas i bhformhór na dtíortha trí dinimic an chaiteachais phoiblí a bheith ag baint leo agus trí rannchuidiú leis an meánaois scoir a mhéadú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann le dearcadh iomlánaíoch ar inbhuanaitheacht airgeadais agus ar leordhóthanacht na gcóras pinsean. I ndáil leis an méid sin, déanann Tuarascáil 2021 maidir le Leordhóthanacht na bPinsean, atá le teacht, comhlánú ar Thuarascáil 2021 ar an Aosú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach leor fós, áfach, scála na n-athchóirithe atá á ndéanamh i roinnt tíortha chun an méadú ar chaiteachas poiblí ar phinsean a shrianadh, cé go bhfuil na leibhéil ard cheana, agus is díol imní di, i gcásanna ar leith, go bhfuil freaschur déanta ar athchóirithe áirithe a rinneadh roimhe seo. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir rioscaí freaschuir a mhaolú ar bhealach úsáideach nuair a bheidh athchóirithe réamhbhreathnaitheacha á ndéanamh le bheith i gceannas ar úinéireacht náisiúnta. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go háirithe go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ó na Ballstáit, bíodh is nach ionann an gá seo ó Bhallstát go chéile, chun an aois scoir iarbhír a ardú, lena n-áirítear trí luathfhágáil mhargadh an tsaothair a sheachaint lena gcuirtear aosú gníomhach chun cinn; dreasachtaí a neartú chun fanacht i margadh an tsaothair; agus gnéithe inbhuanaitheachta sa chóras pinsin a neartú amhail, mar shampla, an aois scoir nó sochair phinsin a nascadh le hionchas saoil. Ní mór bearta lena n-aisiompraítear athchóirithe feabhsaithe inbhuanaitheachta a rinneadh cheana féin a sheachaint.

6. ATHDHEARBHAÍONN sí go bhfuil tábhacht ar leith ag roinnt leis an dá aidhm .i. inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na gcóras sláinte agus na gcóras um chúram fadtéarmach. I ndáil leis sin, tá ról lárnach ag infheistíochtaí i gcosc agus i gcúram príomhúil maidir le hathléimneacht na gcóras sláinte a neartú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cuireadh chun suntais freisin le géarchéim COVID-19 an tábhacht a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí i gcúram sláinte, lena n-áirítear d'fhonn cumas freagartha géarchéime agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a mhéadú.

7. IARANN SÍ ar an gCoimisiún a áireamh san anailís agus san fhaireachas fioscach na torthaí a bhaineann leis na dúshláin maidir le haosú, mar aon leis na himpleachtaí a bheidh ar na réimsí ábhartha uile a bhaineann le comhordú an bheartais eacnamaíoch san Aontas.

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú foriomlán, cuimsitheach, tráthrialta ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a dhéanamh go luath in 2022 agus leas á bhaint aige as an tacar seo de réamh-mheastacháin nuashonraithe, cuimsitheacha, inchomparáideacha. Ba cheart don Choiste um Beartas Eacnamaíoch tuarascáil a thabhairt don Chomhairle ar bhonn an mheasúnaithe.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá malartú faisnéise trédhearcach gníomhach idir Eurostat agus na hInstitiúidí Náisiúnta Staidrimh ag gach céim den ullmhúchán do na réamh-mheastacháin daonra. IARRANN SÍ ar Eurostat réamh-mheastacháin daonra a láimhseáil mar thosaíocht agus a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ann chun na críche sin agus an tuairisciú chuig an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch a fheabhsú tuilleadh, agus cáilíocht agus fóntacht na réamh-mheastachán daonra á ráthú, agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas Eurostat agus na nInstitiúidí Náisiúnta Staidrimh. IARRANN SÍ ar an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch agus ar an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh, ar bhonn réamh-mheastacháin nua daonra a chuirfidh Eurostat ar fáil tráth nach déanaí ná Márta 2023, ar a anailís ar na himpleachtaí eacnamaíocha agus buiséadacha atá ag an aosú faoin samhradh 2024.